C/2023/1383

1.12.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/1383)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Bourg / Côtes de Bourg / Bourgeais'

PDO-FR-A0828-AM03

Dáta teachtaireachta: 5 9 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cód Geografach Oifigiúil**

Rinneadh an liosta bardas a chuimsítear sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an *Code officiel géographique* [Cód Geografach Oifigiúil].

Is leasú eagarthóireachta amháin é sin agus ní athraíonn sé an limistéar geografach ná an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. **Aosú**

Scriosadh na forálacha lena gceanglaítear go dtarlódh aosú sa limistéar agus fad an aosaithe ón tsonraíocht táirge.

Leasaíodh pointí 2, 6 agus 9 den doiciméad aonair.

3. **Tabhairt isteach cineálacha chun críoch oiriúnaithe**

Cuireadh na cineálacha Carmenère N agus Petit Verdot N leis an measc cineálacha fíonchaoire le haghaidh fíonta dearga chun críocha oiriúnaithe.

Ní fhéadfaidh sciar na gcineálacha thuas a bheith níos mó ná 5 % de fhíniúnacha gabháltais ná 10 % den chumasc don dath i gceist.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

4. **Spásáil idir plandaí – prúnáil**

Laghdaíodh an t-achar íosta idir fíniúnacha sa ró céanna ó 0,85 m go 0,80 m.

Leagtar síos riail phrúnála sonraí, Guyot le lámh amháin, le haghaidh fíniúnacha i gcás ina bhfuil an spásáil idir plandaí níos lú na 0,85 m.

Fanann an dlús plandaithe íosta gan athrú ag 4 500 planda in aghaidh an heicteáir.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

5. **Forálacha agra-chomhshaoil**

Cuireadh na forálacha comhshaoil seo a leanas leis:

— Ní mór fíniúnacha marbha a bhaint de na dáileachtaí. Ní féidir fíniúnacha marbha a choinneáil ar na dáileachtaí.

— Toirmisctear rialú ceimiceach iomlán ar fhiailí ar na dáileachtaí.

— Ní mór do na táirgeoirí uile a n-innéacs minicíochta cóireála a ríomh agus a thaifeadadh.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Tá sé mar aidhm leis na leasuithe sin aird níos fearr a thabhairt ar an gcomhshaol agus ar éilimh shochaíocha ar níos lú úsáide a bhaint as táirgí cosaintí plandaí.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

6. **Suiteáil agus plandáil fíonghoirt**

Cuireadh ceanglas leis, sula gcuirfear aon fhíniúin nua, ní mór do shaothróirí fíniúna anailís ithreach fhisiciceimiceach a dhéanamh ar an dáileacht chun an fhaisnéis uile is gá a fháil leis an suíomh fíonsaothraithe agus a phoitéinseal a thuiscint.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

7. **Dáta an phacáistithe**

Scriosadh an fhoráil lena sonraítear an dáta ónar féidir pacáistiú a dhéanamh.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

8. **Dearbhú roimh an bpacáistiú**

Scriosadh an maolú le haghaidh 'bulc beag' ('bulc do thomhaltóir').

Ciallaíonn an leasú sin go bhfuil na hoibreoirí lena mbaineann faoi réir na ngnáthrialacha agus ceanglaítear orthu dearbhú a chur isteach le linn na 5 lá oibre sula ndéanfar an pacáistiú.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

9. **Scaipeadh idir trádstórais údaraithe**

Scriosadh an dáta ónar féidir na fíonta a scaipeadh idir trádstórais údaraithe.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

10. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Bourg / Côtes de Bourg / Bourgeais

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

1. *Fíonta dearga neamhcharbónáitithe*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta de 10,5 % de réir toirte ag na fíonta. Bíonn cion aigéid mhalaigh ≤ 0,3 g/l. ag gach baisc fíona a dhíoltar. Tar éis an tsaibhrithe, ní mór neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta sin a bheith níos mó ná 13 %. Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta sula ndéanfar iad a phacáistiú: - cion siúcra choipigh ≤ 3 g/l; - cion iomlán SO_2 ≤ 140 mg/l; - cion aigéadachta luainí ≤ 13,26 meq/l go dtí an 31 Iúil den bhliain tar éis na buainte agus ≤ 16,33 tar éis an dáta sin. Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Is fíonta móra, struchtúrtha agus aramatacha iad na fíonta dearga, ar measc iad den chuid is mó de chineálacha Merlot N agus Cabernet Sauvignon N agus ar bhonn níos lú, Cabernet Franc N, nó Cot N fiú (ar a dtugtar Malbec go háitiúil), agus tá struchtúr tainneach acu lena bhfágtar iad oiriúnach go háirithe don aosú. Is minic go dtugtar castacht amach le haosú i mbairillí, i gcás ina ndéantar é, trí fhanaile agus blasanna rósta a chur leis. Bíonn na fíonta dearga sin oiriúnach d'aosú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíonta geala tirime socra*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta de 10,5 % de réir toirte ag na fíonta. Ní mór do neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta sin tar éis saibhriú a bheith níos mó ná 12,5 %. Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta sula ndéanfar iad a phacáistiú: - cion siúcra choipigh ≤ 4 g/l; cion iomlán SO_2 ≤ 180 mg/l agus cion aigéadachta luainí ≤ 13,26 meq/l. Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais. Is minic a bhíonn na fíonta geala tirime, a dhéantar go príomha as an gcineál Sauvignon B, úr sa bhéal agus iontach aramatach, le blasanna torthaíocha (torthaí citris go minic) agus ruainníní de bhláthanna. Tugann an cineál Sémillon B tathag agus saibhreas amach agus le Muscadelle B sa chumasc géaraítear blasanna bláthacha. Cuireann an cineál Colombard B cineál blasanna aramatacha torthaí citris leis. Is mór an tóir atá ar na fíonta sin agus iad óg (1 nó 2 bhliain).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíon oireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús agus spásáil

An modh saothraithe

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha.

Níor cheart don spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2 mhéadar, agus ba cheart don spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

2. Rialacha prúnála

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ag an gcéim ina mbíonn na duilleoga oscailte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

Na fíniúnacha ar a mbíonn 14 bhachlóg in aghaidh an phlanda ar a mhéad, déantar iad a phrúnáil de réir na dteicnící seo a leanas:

— Prúnáil Bordeaux le dhá chána;

— Prúnáil Guyot le lámh amháin nó dhá cheann;

— prúnáil spoir ghearr; tródaim treilíse go híseal nó fean.

I gcás ina mbíonn spásáil idir plandaí níos lú ná 0,85 m, déantar na fíniúnacha a phrúnáil trí úsáid an teicníc Guyot le lámh amháin.

3. Uisciú

An modh saothraithe

Ní cheadaítear uisciú le linn an tséasúir fáis ach amháin i gcásanna ina bhfuil triomach leanúnach agus má tá an triomach ag cur isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

4. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás fíonta dearga suas le ráta tiúchana 15 %.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil foriomlán de réir toirte tar éis an tsaibhrithe a bheith níos mó ná 13 % le haghaidh na bhfíonta dearga agus 12,5 % le haghaidh na bhfíonta geala.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta dearga neamhcharbónáitithe

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta geala tirime socra

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh agus a fhorbairt sna bardais a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 18 Feabhra 2022:

Bayon-sur-Gironde, Bourg, Comps, Gauriac, Lansac, Mombrier, Prignac-et-Marcamps, an chuid de bhardas Pugnac a chomhfhreagraíonn dá chríoch roimh a chumasc le Lafosse an 1 Iúil 1974 (is é sin ranna cadastracha B1, B2, ZH, ZI, ZK, ZL, ZM, ZN, ZO agus ZP), Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Trojan, Samonac, Tauriac, Teuillac agus Villeneuve.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Colombard B

Cot N – Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G – Fié Gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Léirítear le tírdhreach torthúil na bhfíonghort sa limistéar geografach an tábhacht stairiúil a bhaineann leis an trádáil fíonóireachta. Bhí ról tábhachtach ag calafort Bourg sa trádáil sin go dtí tús an 19ú céad.

Ón 18ú céad, fásadh cineálacha d'ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Bourg' / 'Côtes de Bourg' / 'Bourgeais' in aeráid mhuirí ar thalamh bainteach go traidisiúnta le fíonta dearga 'Bordeaux', áit a mbíonn *échalas* [cuaillí tacaíochta] de dhíth orthu, go ginearálta comhcheangailte le treilísiú agus modh prúnála atá sách dian, le háirithiú go bhfuil fómhar fíonchaor dea-dháilte ann agus go bhfuil dóthain achair ag na duilleoga le haghaidh fótaisintéise agus na haibíochta is fearr.

D'ainneoin éagsúlacht na n-ithreacha, tá gach ceann de na trí phríomhchineál ithreach a shainaithnítear oiriúnach do phlandáil fíonghort ar thaobh an chnoic i gcás ina bhfuil dálaí táirgthe diana forchurtha ag saothróirí fíona amhail dlús plandaithe agus ualach uasta bairr in aghaidh na dáileachta.

Tá na hithreacha ar shiolta Ceathartha siolta oiriúnach go háirithe do na cineálacha Merlot N, Cot N (Malbec) agus Sauvignon B. Tá na dáileachtaí le hithreacha créúla gainmheacha gairbhéalacha suite ar thaobhanna na gcnoc oiriúnach do phlandáil mhalartach na gcineálacha Merlot N, Cabernet Sauvignon N agus Cabernet Franc N, ach tá siad oiriúnach freisin chun cineálacha geala a fhás.

Is é an cineál Merlot N an príomhchineál is mó a fhástar agus éiríonn go maith leis go háirithe ar dháileachtaí le hithreacha cré-aolchloiche, cineál ithreach iontach coitianta sa limistéar dáileachta críochaithe go sonrach.

In 2010, díoladh beagnach 85 % den fhíon lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Bourg' / 'Côtes de Bourg' / 'Bourgeais' ar an margadh sa Fhrainc. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar onnmhairí agus díolacháin taobh amuigh de na teorainneacha náisiúnta, go háirithe sa Bheilg, sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír agus sa Ghearmáin, agus fiú sa tSeapáin agus sna Stáit Aontaithe.

Tá táirgeoirí páirteach freisin i bplean lena gcuirtear síniú comhchoiteann ar na cumarsáidí agus ar an ábhar margaíochta ar fad, agus ar an gcaoi sin áirithítear go bhfuil eolas forleathan ar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Bourg' / 'Côtes de Bourg' / 'Bourgeais'.

Díríonn na gníomhaíochtaí cumarsáide uile a dhéanann táirgeoirí ar shaintréithe an terroir. Leis na forbairtí teicniúla a dhéantar i dteannta a chéile (suirbhé ithreach, 'sláinte plandaí' agus feasacháin 'aibíocht', ollroghnú an chineál Cot N, bainistíocht tírdhreach, etc.) ar a dtugtar tuairisc sna hoibríochtaí éagsúla cur chun cinn, cuirtear i dtábhacht saintréithe sonracha ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

Léirítear go hiomlán an dinimic sin i bhfás láidir turasóireachta fíona agus i dtreisiú staid an fhíona go náisiúnta agus ar an gcoigríoch araon.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá an limistéar díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag an maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíona, comhdhéanta de chríoch na mbardas seo a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil atá i bhfeidhm an 18 Feabhra 2022: Berson, Blaye, Campugnan, Cars, Cartelègue, Cavignac, Cézac, Civrac-de-Blaye, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Donnezac, Fours, Gauriaguet, Générac, Laruscade, Marcenais, Marsas, Mazion, Peujard, Plassac, an chuid sin de bhardas Pugnac a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Lafosse sula gcónascadh é le Pugnac an 1 Iúil 1974, Saint-André-de-Cubzac, Saint-Androny, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Mariens, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Paul, Saint-Savin, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saugon, Val de Virvée agus Virsac.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar a lipéid.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-068df9b9-86dc-4ec6-88a4-d1e205bd94f0